Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Iúil 2019
(OR. en)

10622/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0216(COD)**

**AGRI 347**
**AGRILEG 112**
**AGRIFIN 41**
**AGRISTR 45**
**AGRIORG 40**
**CODEC 1262**
**CADREFIN 287**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht / An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9645/18 + COR 1 + ADD 1 |
| Ábhar: | Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT<br>*- Ullmhúchán do dhíospóireacht na Comhairle faoi ghnéithe de CBT tar éis 2020 a bhfuil baint acu leis an gcomhshaol agus leis an aeráid* |

Agus ullmhúchán á dhéanamh don Chomhairle "Talmhaíochta agus Iascaigh" ar an 15 Iúil 2019, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, plépháipéar ón Uachtaránacht faoin ábhar thuasluaite, lena n-áirítear dhá cheist a bheidh ina gcuidiú díospóireacht na n-airí a threorú.

**IARSCRÍBHINN**

**Plépháipéar ón Uachtaránacht maidir le gnéithe de CBT tar éis 2020 a bhfuil baint acu leis an gcomhshaol agus leis an aeráid**

Tá mórdhúshláin chomhshaoil roimh an domhan, lena n-áitítear go háirithe an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú acmhainní daonna amhail aer, uisce agus ithir.

Mar earnáil a chumhdaíonn timpeall is 40% de chríoch an Aontais, is tábhachtach an ról a imríonn **an talmhaíocht** maidir le haghaidh a thabhairt ar an dúshláin sin. Tá dlúth-idirspléachas na hearnála ar an gcomhshaol agus ar an aeráid ina bhonn taca leis an ról sin. Tá go leor tionchar ag an talmhaíocht ar an gcomhshaol agus ar an aeráid: cé go bhfuil sí freagrach as 10 % d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa an Aontais, is linn dé-ocsaíd charbóin thábhachtacht í an fheirmeoireacht. Ar an taobh eile, bíonn tionchar láidir ag an adhaimsir, atá faoi anáil an athraithe aeráide, ar thalmhaíocht agus ar na hacmhainní nádúrtha ar mbraitheann sí. Bhí éifeacht thromchúiseach ag iarmhairtí triomach tromchúiseach le déanaí ar fheirmeoirí, ní hamháin i dtíortha a bheadh neamhchosanta, go traidisiúnta, ar an gcineál sin dálaí adhaimsire. Táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú ar mhinicíocht agus ar dhéine na hadhaimsire sin. Cuidíonn caomhnú an chomhshaoil agus na haeráide, dá réir sin, le coinníollacha táirgthe agus ioncaim na bhfeirmeoirí a chosaint.

Ar an 1 Meitheamh 2018, **mhol an Coimisiún athchóiriú a dhéanamh ar an gComhbheartas Talmhaíochta** (CBT) don tréimhse tar éis 2020. Tá sé curtha in iúl ag an gCoimisiún minic go leor go bhfuil méadú ar an uaillmhian i leith an chomhshaoil agus na haeráide ar cheann de phríomhthosaíochtaí an athchóirithe ar CBT. Chun na críche sin, dhéanfaí na bearta glasúcháin agus an scéim thraschomhlíonta atá ann faoi láthair a chumasc mar **choinníollacht "fheabhsaithe"**, rud a d'fhágfadh go gcaithfí bonnlíne níos airde agus níos leithne a chomhlíonadh chun íocaíochtaí a fháil faoi CBT. Dhéanfaí an méid sin a chomhlánú le héiciscéimeanna arna gcistiú faoi Cholún I agus faoin gcuid agra-chomhshaoil-aeráide chomh maith le cineálacha eile idirghabhála faoi Cholún II. I measc na sásraí breise lena a chuirfeadh le huaillmhian níos mó i dtaca leis an gcomhshaol agus leis an aeráid, d'fhéadfaí a áireamh: íoschaiteachas 20% de na cláir oibríochtúla i gcomhair torthaí agus glasraí, imfhálú 30% den chaiteachas CETFT i gcomhair cuspóirí a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid agus an ceanglas go léireodh na Pleananna Straitéiseacha faoi CBT uaillmhian fhoriomlán níos mó maidir leis an gcomhshaol agus maidir leis an aeráid i gcomparáid leis an tréimhse reatha. Ina theannta sin, bheifí ag súil go gcuirfeadh 40% de bhuiséad CBT sa todhchaí le cuspóirí aeráide a bhaint amach.

Ag tógáil ar scrúdú ar na tograí ón gCoimisiún a rinne an Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta (Athchóiriú CBT) agus an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht, bhí malartú tuairimí ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 15 Aibreán 2019 maidir leis an "ailtireacht ghlas" nua atá beartaithe. An uair sin, thug cuid mhór toscaireachtaí aitheantas don phríomhról atá ag CBT agus ag na feirmeoirí i dtaca leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide. **Thacaigh a lán toscaireachtaí le huaillmhian an Chomhbheartais Talmhaíochta a mhéadú i dtaca leis an gcomhshaol agus leis an aeráid, ar an gcoinníoll go mbeadh buiséad CBT ar chóimhéid, go mbeadh cothrom na Féinne ann idir na Ballstáit agus go leor saoirse acu rialacha a chur in oiriúint dá sainiúlachtaí féin agus iad a choinneáil chomh simplí agus is féidir.**

A mhéid a bhaineann le "**coinníollacht fheabhsaithe**", leag toscaireachtaí béim ar an tábhacht a bhaineann le rialacha solúbtha simplí chun go bhféadfadh na Ballstáit na ceanglais a choigeartú i bhfianaise riachtanais áitiúla. Maidir le feirmeoirí beaga a dhíolmhú ó choinníollacht, nó gan iad a dhíolmhú, léiríodh tuairimí éagsúla. Tháinig seasaimh níos comhthoiliúla chun cinn maidir leis an ngá atá le foráil a dhéanamh do chóras comhréireach rialuithe agus pionóis a chur ar fáil dóibh. Bhí deighilt i measc na dtoscaireachtaí faoi cibé ar cheart na héiciscéimeanna a bheith éigeantach nó deonach do na Ballstáit, agus cibé ar cheart méideanna íosta a leithghabháil dóibh nó nár cheart. Gan bheann ar an dearadh sainiúil atá ar na héiciscéimeanna, is ábhar imní do go leor toscaireachtaí i gcónaí é an gá atá ann méideanna gan chaitheadh i gcás glacadh íseal a sheachaint. Bhí tacaíocht mhór ann don imfhálú 30% de CETFT atá beartaithe i ndáil le bearta aeráide agus comhshaoil.

Tháinig measúnaithe comhchosúla chun cinn ar an gComhairle "Talmhaíochta agus Iascaigh" ar an 14 Bealtaine 2019, nuair a pléadh na gnéithe talmhaíochta den Teachtaireacht "Pláinéad Glan do Chách". Thacaigh na hairí le huaillmhian níos airde do CBT na todhchaí a mhéid a bhaineann leis an rannchuidiú a d'fhéadfadh sé a dhéanamh le cuspóirí aeráide trí bhíthin na coinníollachta "feabhsaithe" atá beartaithe. Ina dtuairim, ba cheart go spreagfadh "ailtireacht ghlas" CBT na todhchaí feirmeoirí chun cleachtais a shaothrú a théann chun tairbhe an chomhshaoil.

D'athdhearbhaigh **an Chomhairle Eorpach** go minic an tosaíocht ard a thugann sí do chúram an chomhshaoil a chothú agus don chomhrac in aghaidh an athraithe aeráide. Ag an gcruinniú a bhí acu ar an 20-21 Meitheamh, chomhaontaigh ceannairí an Aontais dlús a chur leis an ngníomhú domhanda ar son na haeráide ionas go ndéanfar cuspóir Chomhaontú Pháras a bhaint amach, lena n-áirítear trí iarrachtaí a dhéanamh an t-ardú teochta a theorannú go 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Ina theannta sin, d'iarr siad ar an Chomhairle agus ar an gCoimisiún an obair a thabhairt chun cinn i dtaca leis na dálaí, na dreasachtaí agus an creat cumasúcháin a bheidh le cur ar bun chun aistriú chuig Aontas aeráidneodrach a áirithiú i gcomhréir le Comhaontú Pháras.
I g**Clár Oibre Straitéiseach an Aontais do 2019-2024**, a ghlac an Chomhairle Eorpach ar an 20 Meitheamh 2019, leagadh síos cur chun cinn na talmhaíochta inbhuanaithe ar cheann de na tosaíochtaí lena dtreorófar obair an Aontais sna cúig bliana amach romhainn.

I bhfianaise an chúlra a leagtar amach thuas, iarrfar ar na hairí aghaidh a thabhairt ar na **ceisteanna** seo a leanas ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar an 15 Iúil:

*Ag cur san áireamh na conclúidí ón gComhairle Eorpach lena n-iarrtar ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún an obair a thabhairt chun cinn i dtaca leis na dálaí, na dreasachtaí agus an creat cumasúcháin a bheidh le cur ar bun chun aistriú chuig Aontas aeráidneodrach a áirithiú agus an gá atá le comhlíonadh an ghealltanais sin in CBT freisin:*

*- cad iad na gnéithe sna tograí ón gCoimisiún do CBT tar éis 2020 atá bunriachtanach, dar leat, chun an uaillmhian níos airde i dtaca leis an gcomhshaol agus leis an aeráid a bhaint amach?*

*- agus na moltaí dréachtaithe ó Uachtaránacht na hOstaire agus ó Uachtaránacht na Rómáine á dtabhairt ar aird, an gá feabhas a chur ar aon ní, dar leat, chun leibhéal níos airde uaillmhéine a bhaint amach i dtaca leis an gcomhshaol agus leis an aeráid, agus aird á tabhairt ar an simpliú, ar indéantacht d'fheirmeoirí agus ar na difríochtaí i gcúinsí áitiúla?*